C/2024/7564

31.12.2024

Nochtadh na gcodanna ábhartha den chinneadh féimheachta agus dearbhú dócmhainneachta i leith shócmhainní *WPB Capital, spořitelní družstvo v likvidaci* [WPB Capital, comhar creidmheasa faoi leachtú] faoi Airteagal 13 de Threoir 2001/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinstitiúidí creidmheasa a atheagrú agus a fhoirceannadh

(C/2024/7564)

Výzva k přihlášení pohledávky. Dodržte lhůty!

Výzva k předložení námitek ohledně pohledávky. Dodržte lhůty!

Invitation to lodge a claim. Time limits to be observed.

Invitation to oppose a claim. Time limits to be observed.

Покана за предявяване на вземания. Срокове, които трябва да бъдат спазени.

Покана за подаване на възражения по вземания. Срокове, които трябва да бъдат спазени.

Convocatoria para la presentación de créditos. ¡Plazos imperativos!

Convocatoria para la presentación de observaciones sobre créditos. ¡Plazos imperativos!

Cuireadh chun éileamh a thaisceadh. Teorainneacha ama a bheidh le tabhairt faoi deara.

Cuireadh chun tuairimí a bhaineann le héileamh a chur isteach. Teorainneacha ama a bheidh le tabhairt faoi deara.

Opfordring til anmeldelse af fordringer. Angivne frister skal overholdes.

Opfordring til at indgive bemærkninger til en fordring. Angivne frister skal overholdes.

Aufforderung zur Anmeldung einer Forderung. Fristen beachten!

Aufforderung zur Erläuterung einer Forderung. Fristen beachten!

Kutse nõude esitamiseks. Kehtestatud tähtaegadest tuleb kinni pidada.

Kutse nõude vaidlustamiseks. Kehtestatud tähtaegadest tuleb kinni pidada.

Πρόσκληση για αναγγελία απαιτήσεως. Τηρητέες προθεσμίες.

Πρόσκληση υποβολής παρατηρήσεων για απαίτηση. Τηρητέες προθεσμίες.

Invitation à produire une créance. Délais à respecter!

Invitation à présenter les observations relatives à une créance. Délais à respecter!

Poziv na prijavu tražbine. Rokovi kojih se treba pridržavati.

Poziv na osporavanje tražbine. Rokovi kojih se treba pridržavati.

Invito all'insinuazione di un credito. Termini da osservare.

Invito all'insinuazione di un credito. Termini da osservare.

Uzaicinājums iesniegt prasījumu. Termiņš, kas jāievēro.

Uzaicinājums apstrīdēt prasījumu. Termiņš, kas jāievēro.

Siūlymas pateikti reikalavimą. Reikalavimo pateikimo terminai.

Kvietimas prieštarauti reikalavimui. Prieštaravimo pateikimo terminai.

Felhívás követelés benyújtására. Betartandó határidők.

Felhívás követelés megtámadására. Betartandó határidők.

Stedina għal preżentazzjoni ta' talba. Termini li għandhom ikunu osservati.

Stedina għal oppożizzjoni ta' talba. Termini li għandhom ikunu osservati.

Oproep tot indiening van schuldvorderingen. Let u op de termijn!

Oproep tot het maken van opmerkingen bij schuldvorderingen. Let u op de termijn!

Zaproszenie do wniesienia roszczenia. Obowiązują limity czasowe.

Zaproszenie do zgłaszania uwag dotyczących roszczeń. Obowiązują limity czasowe.

Aviso de reclamação de créditos. Prazos legais a observar!

Aviso de oposição a uma reclamação de créditos. Prazos legais a observar!

Invitație de a prezenta o creanță. Termenele trebuie respectate.

Invitație de a se opune unei creanțe. Termenele trebuie respectate.

Výzva na prihlásenie pohľadávky. Dodržte lehoty!

Výzva na predloženie námietok k pohľadávke. Dodržte lehoty!

Vabilo k prijavi terjatve. Roki, ki jih je treba spoštovati.

Vabilo k zavrnitvi terjatve. Roki, ki jih je treba spoštovati.

Kehotus saatavan ilmoittamiseen. Noudatettavat määräajat.

Kehotus esittää saatavaa koskevia huomautuksia. Noudatettavat määräajat.

Anmodan att anmäla fordran. Tidsfrister.

Anmodan att motsätta sig en fordran. Tidsfrister.

Oppfordring til påmelding av en fordring. Tidsfristene skal overholdes!

Oppfordring til å legge frem innvendinger m.h.t. fordringen. Tidsfristene skal overholdes!

Boð um að leggja fram kröfur. Öllum ber að virða tímamörk!

Boð um að andmæla kröfum. Öllum ber að virða tímamörk!

Sainaithint an fhéichiúnaí: *WPB Capital, spořitelní družstvo v likvidaci* [WPB Capital, comhar creidmheasa faoi leachtú], comhar creidmheasa arna chorprú agus atá ann cheana faoi dhlí na Seice, a bhfuil a oifig chláraithe in Kamenná 835/13, 639 00 Brno, Poblacht na Seice, Uimh. Aitheantais: 257 80 450, a iontráladh sa chlár tráchtála arna choimeád ag Cúirt Réigiúnach Brno, roinn Dr, iontráil 5441.

Sainaithint na cúirte dócmhainneachta: Cúirt Réigiúnach Brno, a bhfuil a seoladh cláraithe aici ag Rooseveltova 648/16, 602 00 Brno, Poblacht na Seice.

Sainaithint an leachtaitheora: Jiřina Lužová, dlíodóir, a bhfuil a seoladh cláraithe aici ag Dušní 866/22, 110 00 Praha 1, Poblacht na Seice, Uimh. Aitheantais: 44686650, ríomhphost: ak@akluzova.cz, uimhir theileafóin +420 222327902.

An 30 Deireadh Fómhair 2024, d'eisigh Cúirt Réigiúnach Brno cinneadh Uimh. KSBR 45 INS 4030/2024-A-35 uaithi, cinneadh ina ndearnadh, i measc nithe eile, faoi dhlí Phoblacht na Seice (Acht Uimh. 182/2006 maidir le féimheacht agus nósanna imeachta chun í a láimhseáil (an **tAcht Dócmhainneachta**), arna leasú):

a) an féichiúnaí *WPB Capital, spořitelní družstvo v likvidaci [WPB Capital, comhar creidmheasa faoi leachtú],* comhar creidmheasa arna chorprú agus atá ann faoi dhlí Phoblacht na Seice, a bhfuil a oifig chláraithe ag Kamenná 835/13, 639 00 Brno, Poblacht na Seice, Uimh. Aitheantais: 257 80 450, a iontráladh sa chlár tráchtála arna choimeád ag Cúirt Réigiúnach Brno, roinn Dr, iontráil 5441, ('an '**Féichiúnaí**'), a dhearbhú féimheach; agus

b) dócmhainneacht a dhearbhú i leith shócmhainní an Fhéichiúnaí (an '**Cinneadh**').

Faoin gCinneadh, ceapadh freisin Jiřina Lužová, dlíodóir, a bhfuil a seoladh cláraithe aici ag Dušní 866/22, 110 00 Praha 1, Poblacht na Seice, Uimh. Aitheantais: 446 86 650, mar leachtaitheoir don Fhéichiúnaí.

Measfar éilimh ó chreidiúnaithe mar a thaispeántar i gcuntais an Fhéichiúnaí iad a bheith ina n-éilimh thaiscthe. Tabharfar fógra do na creidiúnaithe faoi sin ina n-aonar laistigh de 60 lá ón dearbhú dócmhainneachta. Is é an 30 Nollaig 2024 an spriocdháta a bheidh leis sin.

Féadfaidh creidiúnaí a easaontaíonn le méid nó le cineál a n-éilimh mar a leagtar amach san fhógra de bhun na míre roimhe seo é agóid a thaisceadh leis an leachtaitheoir i scríbhinn laistigh de 4 mhí ó dháta an dearbhaithe dócmhainneachta; mura ndéanfar sin, tuigfear as go n-aontaíonn an creidiúnaí le hábhar an fhógra. Is é an 28 Feabhra 2025 an spriocdháta a bheidh leis sin. Creidiúnaí a bhfuil a seoladh cláraithe nó a oifig chláraithe aige, nó sainchónaí nó gnáthchónaí air, i mBallstát den Aontas nó i mBallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, féadfaidh sé agóid a dhéanamh i dteanga oifigiúil an Stáit sin. Ní mór an ceanntásc '*Podání námitky proti výši pohledávky*' ['Agóid i gcoinne méid éilimh'] sa tSeicis a bheith ar an agóid. Má tá ábhar na hagóide soiléir don leachtaitheoir, cuirfidh siad san áireamh í, fiú mura mbeidh an ceanntásc uirthi. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an leachtaitheoir agóid ina dhiaidh sin a chur san áireamh, ach amháin más soiléir gur seoladh í chuig an údarás atá freagrach as í a sheirbheáil in am trátha. Féadfaidh an leachtaitheoir a chur de cheangal ar chreidiúnaí aistriúchán go Seicis den agóid a chur isteach.

Laistigh de 3 mhí ón sliocht seo den Chinneadh a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, féadfaidh creidiúnaí agóid a thaisceadh nach bhfuair siad fógra ón leachtaitheoir de bhun Alt 373(2) den Acht Dócmhainneachta. Sonrófar san agóid méid an éilimh i gcoinne an Fhéichiúnaí ar dháta an dearbhaithe dócmhainneachta i leith shócmhainní an Fhéichiúnaí. Beidh cóipeanna atá deimhnithe go hoifigiúil d'aon doiciméadacht lena ndearbhaítear an méid líomhnaithe, an dáta a thosóidh an t-éileamh agus cineál an éilimh, agus go háirithe cé acu an éileamh é i gcoinn an eastáit dócmhainneachta (Alt 168 den Acht Dócmhainneachta), an ceann coibhéiseach é le ceann i gcoinne an eastáit dócmhainneachta (Alt 169 den Acht Dócmhainneachta), an éileamh a bhfuil teidlíocht ar shásamh ó urrús comhthaobhach é, an éileamh arna urrú ar bhealach eile é, nó an fo-éileamh é (Alt 172(2) den Acht Dócmhainneachta), agus sonrófar ann aon fhorchoimeádas teidil. Creidiúnaí a bhfuil a seoladh cláraithe nó a oifig chláraithe aige, nó sainchónaí nó gnáthchónaí air, i mBallstát den Aontas nó i mBallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, féadfaidh sé agóid a dhéanamh i dteanga oifigiúil an Stáit sin. Ní mór an ceanntásc '*Přihláška pohledávky*' ['Taisceadh éilimh'] sa tSeicis a bheith ar an agóid. Má tá ábhar na hagóide soiléir don leachtaitheoir, cuirfidh siad san áireamh í, fiú mura mbeidh an ceanntásc uirthi. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an leachtaitheoir agóid ina dhiaidh sin a chur san áireamh, ach amháin más soiléir gur seoladh í chuig an údarás atá freagrach as í a sheirbheáil in am trátha. Féadfaidh an leachtaitheoir a chur de cheangal ar chreidiúnaí aistriúchán go Seicis den agóid a chur isteach.

Jiřina Lužová, dlíodóir, leachtaitheoir le haghaidh *WPB Capital, spořitelní družstvo v likvidaci* [WPB Capital, comhar creidmheasa faoi leachtú]